2024.M24T

2024L005A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

## Dé hAoine 7 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:20

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / / Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí do gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo.
Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit úsáid a bhaint as peann luaidhe i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

**CUID A hAON** Ceisteanna Gearrfhreagra **80 marc**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

**CUID A DÓ** Ceisteanna Struchtúrtha agus Aistí **320 marc**

Ní mór tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist a fhreagairt. Ní mór ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a bheith san áireamh:

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Is féidir an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Tírdhreach a Aithint**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Sa tábla thíos, meaitseáil gach ceann de na gnéithe tírdhreacha seo a leanas leis an tagairt eangaí is fearr a mheaitseálann a suíomh ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis:

- Lúbloch
- Comloch
- Ceann tíre
- Cumar aibhneacha.

| Tagairt Eangaí | Gné |
|---|---|
| W 03 55 | |
| V 99 50 | |
| W 02 55 | |
| W 08 50 | |

**[8m]**

## 2. Síonchaitheamh













Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.


(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an bpróiseas sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu síonchaitheamh ceimiceach nó síonchaitheamh fisiceach/meicniúil is mó a luaitear le gach ceann de na próisis sa tábla thíos.

| **C.2 (i)** | **Próiseas** | **C.2 (ii)** | |
|---|---|---|---|
| **Litir** | | **Ceimiceach (✓)** | **Fisiceach/Meicniúil (✓)** |
| | Carbónáitú | | |
| | Gníomhaíocht Reo is Coscartha | | |
| | Scamhadh | | |
| | Hidrealú | | |

**[8m]**

**3.** **Coigeartú Abhann**




Curtha in oiriúint ó www.coolgeography.co.uk

Scrúdaigh an léaráid de thírdhreach thuas áit a bhfuil bonnleibhéal nua ag abhainn agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na nithe a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D** orthu ar an léaráid leis an téarma is fearr a mheaitseálann é agus scríobh an litir cheart do gach ceann díobh sa tábla thíos.

| Litir | Téarma |
|---|---|
| | Léibhinn phéireáilte |
| | Lúb ghearrtha |
| | Eas |
| | Scorphointe |

(ii) Cén t-ainm atá ar an bpróiseas a tharlaíonn nuair a thosaíonn abhainn atá ina cúrsa íochtarach ag creimeadh de bharr athrú ar a bonnleibhéal?


(iii) Luaigh cúis **amháin** a bhféadann athrú teacht ar bhonnleibhéal abhann.

**[8m]**


**4. Gnéithe agus Próisis Chósta**



www.rougmont.fandon.com



www.coastalwiki.org



www.meteorologiaenred.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

| Litir | Gné Chósta |
|---|---|
| | Guaire |
| | Tambaló |
| | Murlach |
| | Gob gainimh |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

(a) Is próiseas é síobadh feadh cladaigh a bhaineann le foirmiú na ngnéithe i gcuid (i).


Fíor ☐ Bréagach ☐

(b) Tugtar tonnta tógála ar thonnta nuair a bhíonn a mborruisce níos mó ná a gcúlchaise.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**5.** **Creathanna Talún**




Scrúdaigh an léaráid de chrith talún thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Scríobh an litir cheart do gach ceann díobh sa tábla thíos chun gach ceann de na nithe atá lipéadaithe ar an léaráid a mheaitseáil leis an téarma is fearr a mheaitseálann é.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Éasclíne | |
| Fócas | |
| Tonn sheismeach | |
| Eipealár | |
| Leachtú | |
| Sciorradh talún | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.

Is limistéar é Fáinne Tine an Aigéin Chiúin ina dtarlaíonn a lán creathanna talún.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**6. Coincheap an Réigiúin**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas sa tábla thíos.

(i) Meaitseáil gach ceann de na cineálacha réigiúin seo a leanas leis an gcur síos sa tábla is fearr a mheaitseálann é:

**Uirbeach** **Aeráide** **Riaracháin** **Geomoirfeolaíoch**

(ii) Meaitseáil gach ceann de na samplaí seo a leanas de réigiúin leis an gcur síos sa tábla is fearr a mheaitseálann é:

**Boirinn** **Co. Liatroma** **Beirlín** **Gaineamhlach Te**

| C.6 (i)<br>An Cineál Réigiúin | Cur Síos ar an Réigiún | C.6 (ii)<br>Sampla den Réigiún |
|---|---|---|
| | Réigiún ina bhfuil dlús ard daonra, i gcathracha agus i mbailte móra. | |
| | Réigiún ina bhfuil tírdhreach uathúil bunaithe ar chineál carraige, struchtúr nó rilíf. | |
| | Réigiún ina bhfuil saintréithe uathúla teochta agus frasaíochta. | |
| | Réigiún a bhfuil baint aige le feidhmeanna agus eagrúchán limistéir a rialú. | |

**[8m]**

**7. Scileanna Léarscáile**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don phointe ag a mbuaileann an R584 leis an N71.

| |
|---|
| |

(ii) Tomhais fad na líne (ina km) dírí ó spotairde Mhullach Méise (*Mullaghmesha*) (W 091 514) go dtí an cuaille triantánaithe ag Cnoc na bhFiach (W 015 475).

| |
|---|
| |

(iii) Ainmnigh an seaniarsma a thaispeántar ag tagairt eangaí V 996 493.

| |
|---|
| |

(iv) Ríomh achar na foroinne V (ina km$^2$) a thaispeántar ar an léarscáil.

| |
|---|
| |

**[8m]**

**8. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bheanntraí a ghabhann leis an bpáipéar seo agus an léarscáil sráideanna thíos ar a dtaispeántar an ceantar a chlúdaítear san aerfótagraf.

**Nóta**: Tá treoshuíomh an aerfótagraif a ghabhann leis an bpáipéar seo éagsúil le treoshuíomh na léarscáile sráideanna thíos.



Curtha in oiriúint ó www.geoghive.com

Aimsigh gach ceann de na gnéithe atá lipéadaithe **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** thuas, ar an aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Bain úsáid as nodaireacht aitheanta chun suíomh gach ceann de na gnéithe seo ar an aerfótagraf a thabhairt sa tábla thíos. Tá ceann amháin déanta duit.

| Gné ar an Léarscáil Sráide | Suíomh ar an Aerfótagraf |
|---|---|
| **A** Foirgneamh Tráchtála | **Tulra Láir** |
| **B** Cearnóg an Bhaile | |
| **C** Cé | |
| **D** Coláiste Pobail | |
| **E** Tithe | |


**[8m]**

**9.** **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Aimsigh pointe **X**, W 090 550, agus pointe **Y**, W 090 480 ar an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo. Tá an dá phointe ar Oirlíne 09.

I bhFíor 1, taispeántar próifíl airde de thrasghearradh líne 7 km idir pointe **X** agus pointe **Y** ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

*Fíor 1: Próifíl airde de Thrasghearradh líne idir pointe **X** agus pointe **Y**.*




Agus tú ag baint úsáid as an léarscáil 1:50 000 agus as an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus as an bpróifíl airde thuas, freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an abhainn a thrasnaíonn an phróifíl ag **A**.

| |
|---|
| |

(ii) Cén cineál fána a fhaightear idir pointe **B** agus **C** ar an bpróifíl?

| |
|---|
| |

(iii) Cé acu de na siúlóidí slímharcáilte seo a leanas ar féidir í a fháil ag an bpointe a bhfuil an lipéad **D** air?


- Slí Bhéarra-Breifne (*Beara-Breifne Way*) ☐
- Slí Rinn Mhuintir Bháire Thoir (*Sheep's Head Way East*) ☐
- Lúb Ghleann na Cloiche (*Glanaclougha Loop*) ☐

(iv) Cén cineál foraoiseachta atá le fáil ag **E**?

| |
|---|
| |

**[8m]**

**10. Taitneamh Gréine in Éirinn**



Curtha in oiriúint ó www.activeiron.com

Scrúdaigh an léarscáil thuas ar a dtaispeántar na huaireanta an chloig gréine (sa bliain) de réir contae in Éirinn agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén contae ina mbíonn an líon is lú d'uaireanta an chloig gréine?


(ii) Cé mhéad contae a mbíonn níos mó ná 1,500 uair an chloig gréine acu?

(iii) Ríomh an difríocht atá idir Corcaigh agus Dún na nGall maidir le huaireanta an chloig gréine.

(iv) Cén t-ainm a thugtar ar línte ar léarscáil aimsire a cheanglaíonn áiteanna arb ionann uaireanta an chloig gréine iontu?

**[8m]**

**11. Léirmhíniú ar Staitisticí**




Scrúdaigh an bharrachairt thuas ina dtaispeántar staitisticí a bhaineann leis an bhforaoisiú in Éirinn, 2017–2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad heicteár de chrainn leathanduilleacha a foraoisíodh in Éirinn in 2018?


(ii) Cén bhliain inar foraoisíodh 2,435 heicteár san iomlán?

(iii) Ríomh **X**, an líon heicteár inar cuireadh crainn bhuaircíneacha in 2022.

(iv) Mínigh go hachomair tairbhe thimpeallachta **amháin** a bhaineann leis an bhforaoisiú méadaithe.

**[8m]**

## 12. Léirmhíniú Satailíte




Curtha in oiriúint ó www.earthobservatory.org

Scrúdaigh na híomhánna satailíte thuas agus freagair an cheist thíos.

Meaitseáil gach ceann de na híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Lagphortaigh, Éire | |
| Lochán leá-uisce ar oighearshruth sa Ghraonlainn | |
| Talamh feirme feadh thuilemhá na Níle | |
| Goirt ríse faoi uisce, Louisiana | |

**[8m]**


# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.

Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid de cheist a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar na chéad cheithre leathanach eile den fhreagarleabhar seo. Ar na leathanaigh ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin**.**

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 7 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:20